



Bord Oideachais agus Oiliúna Dublin and Dún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Education and Training Board

BEARTAS TAISTIL AGUS COTHAITHE (T7C)

Leagan: 2

An dáta ar dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁC DL é: 08/05/2023

An dáta ar nótáil Bord Bainistíochta BOOÁC DL é: 15/05/2023

Síniú: _____ (POF)

Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOOÁC

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁC :

Dáta athbhreithnithe: 15/05/2025

Beartas Uimh.:	PL/026	Uimhir an Leagain:	v2/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/019 / PL/026 v1/2020	Le hÉifeacht ón:	15/05/2023
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	15/05/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	15/05/2025

Beartas Taistil agus Cothaithe (T 7 C)

Taisteal Intíre

I gcás go n-úsáideann oifigeach/fostaí a fheithicil chun dualgais oifigiúla BOO a chomhlíonadh, ní mór dó/di a áirithiú go gcomhlíonann sé/sí an méid seo a leanas;

- Ceanglais dhlíthiúla maidir le ceadúnas tiomána, ceadúnas feithicle agus mótar-árachas. Caithfear fianaise air sin a chur ar fáil má iarrtar a leithéid;
- Íocfar éilitheoir atá údaraithe chun a mhodh/modh iompair féin a úsáid de réir an ráta míleáiste mótaí iomchuí arna fhaomhadh ag an Aire agus socrófar na rátaí sin trí thagairt a dhéanamh don each-chumhacht de réir mar a mheastar chun críocha clárúcháin;
- Tugtar slánaíocht do BOOÁCDL leis an bpolasaí mótar-árachais maidir le haon taisteal a dhéantar chun críocha gnó. Tá sé de dhualgas ar an éilitheoir a áirithiú go gcuireann sé/sí cineál agus fairsinge an taistil a dhéanann sé/sí ar son BOOÁCDL in iúl don soláthraí árachais. Ní mór Dearbhú Slánaíochta comhlánaithe cothrom le dáta a chur faoi bhráid na Ceannoifige; ní bheidh BOOÁCDL faoi dhliteanas i leith aon chostais bhreise a d'fhéadfadh a bheith i gceist do shealbhóir an pholasaí.
- Ba cheart an bealach is giorra agus is eacnamaíche a úsáid;
- Déantar barainneachtaí a uasmhéadú i.e., i gcás ina bhfuil níos mó ná duine amháin ag taisteal chuig láthair ar leith agus ar ais uathí, ní ceart ach feithicil amháin a úsáid a mhéid is indéanta go praiticiúil;
- Ba cheart córacha iompair phoiblí a úsáid nuair is féidir. I gcás taistil lasmuigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, ba cheart cóir iompair phoiblí a úsáid, ach amháin sa chás nach féidir a leithéid a dhéanamh nó nach bhfuil sé praiticiúil;
- A mhéid is indéanta go praiticiúil, cuirtear cúrsa taistil seachtainiúil chuig an mbainisteoir líne ina léirítear an taisteal atá beartaithe agus a bhfuiltear ag súil leis don tseachtain sin;
- Éilítear costais taistil agus chothaithe ar líne, ar bhonn míosúil, agus an tairseach Core á húsáid agus eisítear na híocaíochtaí trí SGCO (Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais). Ní íoctar costais taistil ach le haghaidh an mhíleáiste iarbhír a thaistealaítear;
- Ríomhtar an costas taistil a thabhaítear trí Google Maps a úsáid;

Beartas Uimh.:	PL/026	Uimhir an Leagain:	v2/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/019 / PL/026 v1/2020	Le hÉifeacht ón:	15/05/2023
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	15/05/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	15/05/2025

- Ní mór na hadmhálacha uile, lena n-áirítear páirceáil, Luas, srl., a cheangal leis an éileamh go leictreonach;
- Ní íocfar costais taistil maidir le haon chion de thuras ina gclúdaítear cuid de ghnáthbhealach an éilitheora idir a bhaile agus a ionad oibre, nó é go léir;
- Ní mór na héilimh Taistil agus Cothaithe go léir a chur isteach laistigh de 8 seachtaine ó dheireadh na míosa inar tabhaíodh an costas;
- Tar éis na 8 seachtaine sin, cuirfear éilimh ar aghaidh chuig nós imeachta achomhairc inar féidir le héilitheoirí dul sa tóir ar chúiteamh i leith an chostais a tabhaíodh mar bhunéileamh Taistil agus Cothaithe. Éileofar ar an éilitheoir a chruthú go ndearnadh gach turas, agus gach cuid de gach turas, ar an dáta atá luaite san éileamh. Beidh fianaise dhoiciméadach riachtanach i gcomhair an éilimh ina iomláine i ngach cás, agus déanfaidh beirt atá neamhspleách ar an éileamh an fhianaise sin a mheasúnú. Mura bhfuil an fhianaise áititheach go leor, dícheadófar an t-éileamh. I ndáiríre, beidh an dualgas cruthúnais go hiomlán ar an éilitheoir, chun a éileamh a bhailíochtú agus bunús a thabhairt leis;
- Féadfar sonraí maidir le híocaíochtaí Taistil agus Cothaithe arna ndéanamh ag BOOÁC DL a scaoileadh mar fhreagairt ar iarratais a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- **Liúntas Cothaithe Lae:** Tá liúntas lae iníoctha maidir le neamhláithreacht ar ghnó oifigiúil atá laistigh de 8 km ó ionad oibre nó baile an éilitheora, cibé acu is giorra. Níl sé beartaithe go gclúdáfaí costas iomlán an chothaithe agus an fostaí as láthair óna bhaile/baile agus óna ionad/hionad oibre leis an liúntas cothaithe atá iníoctha agus níl sé beartaithe é a bheith ina fhoinsé luach saothair ná brabúis. Tá dhá Ráta Cothaithe ann – (i) 5 uair an chloig ach níos lú ná 10 n-uair an chloig agus (ii) 10 n-uair an chloig nó níos mó.
- **Liúntas Cothaithe Thar Oíche:** Clúdaíonn liúntas thar oíche tréimhse suas le 24 uair an chloig ón am imeachta chomh maith le haon tréimhse bhreise nach faide ná 5 uair an chloig. Ní bheidh liúntas thar oíche iníoctha de ghnáth maidir le neamhláithreacht riachtanach ar ghnó oifigiúil atá laistigh de 100 km ó bhaile nó ionad oibre an éilitheora (cibé acu is giorra). In imthosca eisceachtúla áfach, agus i gcás ina bhfuil an Príomhfheidhmeannach sásta go bhfuil gá oibríochtúil ann, d'fhéadfaí liúntas thar oíche a íoc maidir le neamhláithreacht ar ghnó oifigiúil ag láthair ar bith atá laistigh de na teorainneacha thuas ach atá níos faide ná 50 km ón mbaile nó ón ionad oibre (cibé acu is giorra).

Beartas Uimh.:	PL/026	Uimhir an Leagain:	v2/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/019 / PL/026 v1/2020	Le hÉifeacht ón:	15/05/2023
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	15/05/2023	Dáta an Athbheithnithe:	15/05/2025

Tá an beartas sin i gcomhréir le Ciorcláin Taistil agus Cothaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna/RCPA.

Taisteal Thar Lear

Ní mór faomhadh a lorg ón bPríomhfheidhmeannach sula dtosaítear ar aon taisteal thar lear (turais scoile san áireamh). Seol ríomhphost chuig an PaymentsTravel@ddletb.ie chun tús a chur leis an bpróiseas iarratais.

Ba chóir do gach oifigeach/fostaí a chinntiú go gcomhlíonann siad na nithe seo a leanas;

- Ní mór go mbeadh an measúnú riosca riachtanach i bhfeidhm ag gach Taisteal Eachtrach sula lorgaítear faomhadh;
- Má tá tú ag taisteal thar lear ar ghnó nó má tá taisteal thar lear á eagrú agat do ghrúpa, ní mór duit árachas taistil a shocrú ina leith. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil aon chlúdach uathoibríoch ar bun le haghaidh árachas taistil, agus ní áirítear árachas taistil i gclúdach árachais caighdeánach BOOÁC DL.
- Caithfear socruithe a dhéanamh chun árachas taistil a chur ar bun le (a) do thionscnóir turas/ghníomhaire taistil, (ní mór fianaise dhoiciméadach a sholáthar), nó (b) le Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo., trí árachais BOOÁC DL, Ceannoifig Roinn na Seirbhísí Corparáideacha, Insurances@ddletb.ie.
- Tabhair faoi deara nach mbeidh an clúdach ar bun go dtí go mbeidh litir faighte agat ón gCeannoifig ina ndeimhnítear amhlaidh;
- Ní mór do na héilitheoirí uile cloí leis na rátaí reatha le haghaidh taisteal thar lear de réir mar a leagadh síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
- Ní mór an rogha is tíosaí agus is praiticiúla a roghnú chun dul chuig aerfort agus teacht uaidh;
- Ní mór do bhaill foirne a fhreastalaíonn ar chruinnithe/chomhdhálacha srl an soláthróir taistil atá faoi chonradh BOOÁC DL a úsáid;

Beartas Uimh.:	PL/026	Uimhir an Leagain:	v2/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/019 / PL/026 v1/2020	Le hÉifeacht ón:	15/05/2023
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	15/05/2023	Dáta an Athbheithnithe:	15/05/2025

- Ní mór tionscnóir turas ceadúnaithe nó gníomhaire taistil a úsáid le haghaidh turas scoile thar lear. Tá liosta iomlán na sealbhóirí ceadúnais reatha le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta www.aviationreg.ie;
- Ní mór an t-airgead go léir a íoc go díreach leis an tionscnóir turas nó gníomhaire taistil roghnaithe seachas leis an scoil, le ball foirne nó le comhordaitheoir imeachta.
- Ní mór gach admháil cháilitheach a bhaineann le turais scoile a cheangal go leictreonach agus éileamh tríd an Tairseach Costas in CORE.
- Ní mór na héilimh Taistil agus Cothaithe go léir a chur isteach laistigh de 8 seachtaine ó dheireadh na míosa inar tabhaíodh an costas;
- Tar éis na 8 seachtaine sin, cuirfear éilimh ar aghaidh chuig nós imeachta achomhairc inar féidir le héilitheoirí dul sa tóir ar chúiteamh i leith an chostais a tabhaíodh mar bhunéileamh Taistil agus Cothaithe. Beidh fianaise dhoiciméadach riachtanach i gcomhair an éilimh ina iomláine i ngach cás, agus déanfaidh beirt atá neamhspleách ar an éileamh an fhianaise sin a mheasúnú. Mura bhfuil an fhianaise áititheach go leor, dícheadófar an t-éileamh. I ndáiríre, beidh an dualgas cruthúnais go hiomlán ar an éilitheoir, chun a éileamh a bhailíochtú agus bunús a thabhairt leis;
- Féadfar sonraí maidir le híocaíochtaí Taistil agus Cothaithe arna ndéanamh ag BOOÁCDL a scaoileadh mar fhreagairt ar iarratais a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014;

Tá an beartas sin i gcomhréir le Ciorcláin Taistil agus Cothaithe na Roinne Oideachais agus Scileanna/RCPA.

Beartas Uimh.:	PL/026	Uimhir an Leagain:	v2/2023
Leaganacha roimhe seo:	PL/019 / PL/026 v1/2020	Le hÉifeacht ón:	15/05/2023
Ceadaithe/Luaithe ag an mBord	15/05/2023	Dáta an Athbhreithnithe:	15/05/2025